Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15726/22**

**FISC 255**
**ECOFIN 1290**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14675/22 FISC 219 ECOFIN 1155 |
| Ábhar: | An Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 6 Nollaig 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an gCód Iompair (Cánachas Gnó), a d'fhormheas an Chomhairle ag an 3918ú cruinniú a bhí aici an 6 Nollaig 2022.

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)**

**le linn Uachtaránacht na Seicia**

Maidir leis an gComhairle,

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Seicia; go háirithe ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an t-athchóiriú a rinneadh le déanaí ar an gCód Iompair (Cánachas Gnó) mar ghealltanas polaitiúil neartaithe ó na Ballstáit leanúint d'aghaidh a thabhairt ar chleachtais chánach dhíobhálacha agus ar bhearta cánach fabhracha agus é mar chuspóir acu dul i ngleic le hiomaíocht dhíobhálach cánach, seachaint cánach agus imghabháil cánach san Aontas agus dea-rialachas i réimse an chánachais a chur chun cinn ar fud an domhain; i ndáil leis an méid sin, MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí uaithi an 8 Samhain 2022 maidir leis an athchóiriú ar an gCód Iompair (Cánachas Gnó);

2. IS MÓR AICI obair na Meithle agus a Cathaoirligh as a rannchuidiú maidir le comhlíonadh an tsainordaithe agus na gcuspóirí mar a léirítear sa Chód Iompair (Cánachas Gnó) agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint dá cuid oibre le cúnamh fíor-riachtanach ón gCoimisiún;

3. FORMHEASANN SÍ an tuarascáil ón Meitheal mar a leagtar amach in 14674/22 + COR 1 + ADD 1-10 í;

4. FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe ar na tréimhsí neamhghníomhaíochta arna gcomhaontú ag an Meitheal agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar thréimhsí neamhghníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar; FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe arna gcomhaontú ag an Meitheal maidir le héifeachtaí iarbhír na mbeart aonair mar a chomhaontaigh an Mheitheal agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar na bearta aonair sin;

5. FORMHUINÍONN SÍ an measúnú ar chomhlíonadh Threoirlínte 2017 ón Meitheal um an gCód Iompair maidir le pribhléidí cánach a bhaineann le criosanna eacnamaíocha speisialta ag na Ballstáit agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme a nótaí treorach a thug sí roimhe seo;

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair maidir leis an athbhreithniú ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha an 4 Deireadh Fómhair 2022; IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'idirphlé éifeachtach leis na dlínsí agus leanúint den fhaireachán, ionas go leanfaidh na dlínsí dá ngealltanais faoi seach a chomhlíonadh agus critéir liostaithe an Aontais i gcomhréir leis na spriocdhátaí a comhaontaíodh a chomhlíonadh;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI go háirithe an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh ag dlínsí atá i mbun athchóiriú ar a gcórais maidir le díolúine ioncaim ó fhoinse eachtrach agus FORMHUINÍONN SÍ an treoir i ndáil le córais maidir le díolúine ioncaim ó fhoinse eachtrach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil ón Meitheal;

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI an faireachán ar thíortha agus críocha nach ngearrann cáin nó nach ngearrann ach cáin neamhshuntasach maidir leis na ceanglais i ndáil leis an tábhacht eacnamaíoch faoi chritéar 2.2 a fhorfheidhmiú, chomh maith leis an obair leanúnach chun an scagadh a leathnú chuig iontaobhais agus muinínigh i dtíortha agus críocha nach ngearrann cáin nó nach ngearrann ach cáin neamhshuntasach faoi chritéar 2.2;

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI an scagadh, arna dhéanamh ag dlínsí a ndearnadh faireachán orthu, ar chur chun feidhme íoschaighdeán frith-BEPS (critéar 3.2) an tuairiscithe de réir tíre agus gur leathnaíodh cur i bhfeidhm chritéar 3.2 chuig dlínsí a tháinig isteach i gCreat Cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS ón 1 Eanáir 2018;

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí an phróisis athbhreithnithe piaraí a d'eascair as an bhFóram Domhanda maidir le trédhearcacht cánach agus malartú faisnéise (an Fóram Domhanda) chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme an mhalartaithe uathoibríoch faisnéise i ndáil le cuntais airgeadais de réir chomhchaighdeán tuairiscithe ECFE chun críocha chritéar 1.1; TACAÍONN SÍ leis an idirphlé le dlínsí ábhartha ina bhfuil easnaimh shainaitheanta maidir le huathmhalartú faisnéise in 2022, d'fhonn a ngealltanais maidir le critéar 1.1 a thaifeadadh agus liosta an Aontais á nuashonrú sa chéad ráithe de 2023;

11. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair chun úinéireacht thairbhiúil a ionchorprú mar cheathrú critéar trédhearcachta;

12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an obair bhreise ar an measúnú ar chur i bhfeidhm na mbeart cosanta ag na Ballstáit i réimse na cánach dá bhforáiltear leis an Treoir maidir le bearta cosanta;

13. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Sualainne.